



AN tSEIRBHÍS UM FHORBAIRT GHAIRMIÚIL DO MHÚINTEOIRÍ (SFGM)

Ceannaire Foirne le haghaidh DEIS agus Cuimsiú Sóisialta

Sainchuntas Poist agus Nótaí Ginearálta

1. Forléargas

Seirbhís tacaíochta trasearnála is ea An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (PDST) atá faoi shainchúram na Rannóige um Oideachas Múinteoirí (TES) sa Roinn Oideachais (RO) agus soláthraíonn sí tacaíocht maidir forbairt ghairmiúil do mhúinteoirí bunscoile agus iar-bhunscoile agus do cheannairí scoile. Cuireann obair an PDST le feabhsú scoile trí Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach (CPD) a sholáthar i dtaca le ceisteanna curaclaim agus oideachais, agus cothaíonn sí cleachtas machnamhach agus foghlaim ghairmiúil i measc múinteoirí agus ceannairí scoile.

Is iad seo a leanas na réimsí tosaíochta do na blianta seo amach romhainn:

- Lítearthacht
- Uimhearthacht
- Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht agus Matamaitic (STEM)
- Teicneolaíochtaí Digiteacha a leabú sa Teagasc agus san Fhoghlaim ag teacht le Straitéis Dhigiteach RO do Scoileanna
- Féinmheastóireacht Scoile (FMS)
- Sláinte agus Folláine
- Ceannaireacht Scoile
- Ábhair agus Cláir na hIar-bhunscoile
- DEIS agus Ilchineálacht

Tá folúntas ag SFGM faoi láthair don ról mar Cheannaire Foirne le haghaidh DEIS agus Cuimsiú Sóisialta

Oibreoidh sé / sí mar chuid de mheithealbhainistíochta agus tuairisceoidh sé go díreach chuig an bhfoireann bhainistíochta shinsearach de Leas-Stiúrthóirí agus an Stiúrthóir Náisiúnta.

Is é an spriocdháta d'íarratais ná Déardaoin 23 Meitheamh ar 5i.i.n.



2. Sainchuntas Poist

Tá ról dúbailte ag an gCeannaire Foirne le haghaidh DEIS agus Cuimsiú Sóisialta san eagraíocht cé go bhfuil gnéithe nasctha sa dá réimse. Oibreoidh an Ceannaire Foirne mar chuid d'fhoireann meánbhainistíochta agus tuairisceoidh sé/sí go díreach don fhoireann ardbhainistíochta de Leas-Stiúrthóirí agus an Stiúrthóir Náisiúnta.

- **DEIS**

Is é Comhionannas Deiseanna sna Scoileanna a Sheachadadh (Delivering Equality of Opportunity in Schools (DEIS)) príomhbheartas na Roinne Oideachais chun dul i ngleic le míbhuntáiste oideachasúil ag leibhéal na scoile. Ceanglaítear ar scoileanna sa Chlár DEIS pleannanna feabhsúcháin trí bliana a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm mar choinníoll dá rannpháirtíocht sa chlár. Tá sé riachtanach go ndéanfaí athbhreithniú bliantúil ar Phlean Gníomhaíochta Feabhsúcháin DEIS na scoile. Tá sé tábhachtach go n-áirítear i bPlean Gníomhaíochta Feabhsúcháin DEIS sonraí bonnlíne chun tacú le spriocanna cuí a shocrú faoi gach ceann de na príomhthéamaí. Tá sé riachtanach go léireoidh doiciméid ábhartha eile scoile fócas sonracha ar idirghabhálacha a nascadh le cuspóirí Phlean Gníomhaíochta Feabhsúcháin DEIS na scoile.

Tá scoileanna sa chlár DEIS ag gabháil do phleanáil gníomhaíochta éifeachtach le haghaidh feabhsúcháin faoi na príomhthéamaí seo a leanas;

- Tinreamh
- Coinneáil
- Litearthacht
- Uimhearthacht
- Tacú le hAistrithe Oideachais
- Comhpháirtíocht le tuismitheoirí agus le daoine eile
- Gnóthachtáil scrúduithe (iar-bhunscoil amháin)

Cé go mbaineann freagracht an Cheannaire Foirne le haghaidh DEIS san Earnáil Bhunoideachais, táthar ag súil go gcomhoibreoidh sé/sí go dlúth leis an gCeannaire Foirne Iar-Bhunoideachais DEIS maidir le cúrsaí trasearnála.

- **Ilchineálacht**

Tá an Roinn i gceannas ar ghníomhaíochtaí oideachais na Straitéise Náisiúnta um Chuimsiú an Lucht



Siúil agus na Romach (NTRIS)¹ agus na Straitéise um Chuimsiú Imirceach (MIS)². Tá ullmhúcháin ar bun do chur chuige nua beartais straitéisigh sa dá réimse seo. Tagraíonn an MIS d'oiliúint do mhúinteoirí ar bhainistiú na hilchineálachta agus ar dhul i ngleic le ciníochas. Ina theannta sin, ag éirí as an *bPáipéar Bán maidir le Deireadh a chur le Soláthar Díreach*³, tá gealltanas ann go gcuirfear oiliúint shonrach ar fáil do mhúinteoirí chun tacú le scoláirí scoile a bhfuil cónaí orthu in ionaid de chuid na Seirbhíse Cóiríochta Idirnáisiúnta um Chosaint (IPAS). Ó thaobh an oideachais de, sa tacú le himeascadh tá príomhfhócas ar FGL do mhúinteoirí chun déileáil le riachtanais teagaisc agus foghlama na mac léinn uile ó gach cúlra cultúrtha agus chun tacaíocht a sholáthar do chleachtas oideolaíoch a chuireann cuimsiú chun cinn agus a cheiliúránn an ilchineálacht. Cabhróidh sé seo le cultúr dearfach measa agus cosanta d'fhéiniúlacht chultúrtha an Lucht Siúil agus na Romach a chur chun cinn ar fud an tírdhreacha oideachais agus tacú le himeascadh imirceach. Is duine ar iasacht a bheidh sa ról Ceannaire Foirne seo a mbeidh taithí agus léargais ábhartha acu ar riachtanais fhoghlama gairmiúla na múinteoirí. Caithfidh na scileanna agus an taithí ábhartha a bheith ag an duine sa ról seo chun tacú le gach gné de DEIS agus Cuimsiú Sóisialta laistigh de SFGM, áit a n-áireofar leis na dualgais seo na nithe seo leanas, ach gan a bheith teoranta dóibh:

- Maoirseacht agus tosaíocht a thabhairt d'iarratais SFGM ar thacaíocht a fhaightear ó scoileanna sa chlár DEIS agus soláthar a dhéanamh do thacaíocht shaincheaptha do scoileanna sa chlár.
- Bainistíocht a dhéanamh ar sholáthar tacaíochta scoile comhthéacsaithe le linn agus tar éis uaireanta scoile i ngach réimse den teagasc, foghlaim, measúnú, pleanáil gnímh agus ceannaireacht scoile.
- Tacú le comhairleoirí SFGM agus soláthar tacaíochta scoile mharthanach á sholáthar acu chun freastal ar riachtanais éagsúla agus shaincheaptha na scoileanna sa chlár DEIS.
- An tacaíocht leanúnach a bheidh le soláthar thar thréimhse ama a eagrú, mar chuid de phróiseas a phleanáiltear d'aon ghnó, ina mbeidh an scoil agus na múinteoirí ag obair i dtreo spriocanna soiléire comhaontaithe.
- Pleanáil gnímh DEIS a chomhordú áit a gceanglaítear ar scoileanna sonraí a úsáid go héifeachtach chun réimsí tosaíochta a aithint agus chun spriocanna agus gníomhartha le haghaidh feabhsúcháin a shocrú trí lionsa na dtéamaí DEIS.
- Soláthar a dhéanamh do chomhairleoirí SFGM chun oibriú le scoileanna ar na bealaí seo a leanas:
 - Obair leis an bhfoireann uile

¹ <https://www.gov.ie/en/publication/c83a7d-national-traveller-and-roma-inclusion-strategy-2017-2021/>

² <https://www.gov.ie/en/publication/983af-migrant-integration-strategy/>

³ <https://www.gov.ie/en/publication/7aad0-minister-ogorman-publishes-the-white-paper-on-ending-direct-provision/>



- Obair le grúpaí múinteoirí / ranna ábhar
- Obair le ceannairí scoile (Príomhoidí, Príomhoidí Tánaisteacha, Sealbhóirí Poist)
- Samhaltú inranga ar chuir chuige oideolaíocha
- Comhchinnteoireacht le Ceannairí Foirne eile maidir leis an modh seachadta FGL is fearr chun riachtanas foghlama ar leith do mhúinteoirí i scoileanna DEIS a éascú.
- Forbairt agus seachadadh clár FGL a chomhordú do gach scoil (DEIS agus neamh-DEIS) chun tacú le tionscnaimh um chuimsiú sóisialta agus chun gealltanais oideachais a chomhlíonadh faoi straitéisí tras-Rialtais ábhartha atá ann faoi láthair agus atá ag teacht chun cinn, (mar shampla na straitéisí náisiúnta um chuimsiú Imirceach agus an Lucht Siúil agus na Romach).

3. Róil agus Freagrachtaí

Beidh na freagrachtaí seo a leanas ar an gCeannaire Foirne le haghaidh DEIS agus Cuimsiú Sóisialta:

Ginearálta

- cuidiú mar chuid den Fhoireann Bainistíochta chun tacú le SFGM tríd an tréimhse athstruchtúraithe agus athraithe de réir mar a bhogann siad go dtí seirbhís tacaíochta amháin comhtháite.
- pleanáil, sceidealú, monatóireacht agus meastóireacht a dhéanamh ar imeachtaí náisiúnta agus réigiúnacha FGL.
- ionchuir in imeachtaí bliantúla agus réigiúnacha do cheannairí scoile (m.sh. DP/IPPN).
- monatóireacht, taifeadadh agus asbhaint sonraí tacaíochta FGL a chuireann comhairleoirí isteach sa Chóras Bainistíochta Sonraí PDST.
- ábhair acmhainne a ullmhú agus a sholáthar mar chuid den fhorbairt agus tacaíocht ghairmiúil.
- tacaíocht a thabhairt don fhoireann ardbhainistíochta chun obair SFGM a chomhordú.
- caidreamh agus oibriú leis an Roinn Oideachais, comhlachtaí oideachais/institiúidí tríú leibhéal de réir mar is cuí.
- tabhairt faoi thascanna riaracháin mar a éilíonn an ardbhainistíocht.
- tuairiscí a scríobh agus doiciméid a bhainistiú.
- cumarsáid éifeachtach a eagrú agus a chothabháil.
- aon tascanna cuí eile a d'fhéadfaí a shannadh de réir mar a thagann riachtanais aníos.

DEIS

- Caidreamh a dhéanamh le scoileanna sa chlár DEIS agus tacú leo a chinntiú go bhfuil FGL mar



théama a thagann chun cinn arís agus arís eile i bplean gníomhaíochta DEIS na scoile.

- A chinntiú go dtugtar tacaíocht do na scoileanna nua sa chlár DEIS in 2022 chun leas a bhaint as gach FGL ábhartha a chuirtear ar fáil in 2022/23.
- Mar chuid den rannpháirtíocht le scoileanna sa chlár DEIS, mar is cuí, tacaí sainiúla SFGM a shainaitheint agus a threorú chuig na scoileanna.
- Sainaitheint agus teagmháil a dhéanamh le scoileanna sa chlár DEIS nach bhfuil réamhghníomhach ag éascú cultúir ina spreagtar an fhoireann le riachtanais FGL a aithint agus úsáid a bhaint as na tacaí atá ar fáil.
- Aon bhacainní a aithint a chuireann cosc ar scoileanna sa chlár DEIS ó rannpháirtíocht iomlán in FGL.
- Ról SFGM a chur chun cinn le scoileanna sa chlár DEIS, lena n-áirítear an raon tacaí atá ar fáil.
- Aithin aon bhearnaí sna tacaí atá ar fáil faoi láthair a shainaitheint.
- Dul i gcaidreamh le Seirbhís Tacaíochta Oideachais Tusla agus Cigireacht na Roinne Oideachais i gcomhthéacs fhorbairt, dearadh agus seachadadh FGL cuí don fhoireann i scoileanna sa chlár DEIS.
- Monatóireacht, taifead, asbhaint agus tuairisc a thabhairt ar shonraí ábhartha go himmheánach agus go seachtrach nuair is gá.

ilchineálacht

- Soláthar a dhéanamh d'fhorbairt FGL saincheaptha ar fhrithchiníochas.
- Ilchineálacht a chur chun cinn i measc ceannairí scoile agus múinteoirí le cur ar a gcumas tacú le riachtanais foghlama na ndaltaí uile ó gach cúlra cultúrtha agus tacaíocht a sholáthar do chleachtais oideolaíocha a chuireann cuimsiú chun cinn.
- Caidreamh a dhéanamh leis an Aonad um Chuimsiú Sóisialta sa Roinn Oideachais i gcomhthéacs fhorbairt, dearadh agus seachadadh FGL cuí do mhúinteoirí agus ceannairí scoile i réimse na hilchineálachta.
- Caidreamh a dhéanamh leis an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaithe Oideachais (SNSO) maidir le forbairt na hoiliúna atá ar siúl faoi láthair maidir le hilchineálacht chun na gealltanais atá tugtha ag an Roinn Oideachais i straitéisí ábhartha a chomhlíonadh.
- FGL a fhorbairt don idirchultúrachas don tréimhse eatramhach go dtí go ndéanfaidh an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) athbhreithniú ar threoirínthe idirchultúrtha in 2022.

Féadfaidh freagrachtaí an Cheannaire Foirne a bheith éagsúil de réir riachtanas agus tosaíochtaí



atá ag teacht chun cinn agus mar a shannfaidh an Stiúrthóir Náisiúnta.

4. Raon eolais, taithí agus scileanna atá de dhíth:

Beidh raon inniúlachtaí agus scileanna ag an iarrthóir idéalach chun tacú leis an ról, go háirithe eolas agus tuiscint iomlán ar;

- Plean DEIS 2017 agus tacaí, seirbhísí agus ábhair a bhaineann le clár DEIS
- modheolaíochtaí éifeachtacha teagaisc, foghlama agus measúnaithe
- oideachas éifeachtach do mhúinteoirí agus múnláí foghlama gairmiúla

Mar bhall d'fhoireann bainistíochta SFGM beidh na nithe seo a leanas ag an iarrthóir idéalach:

- Scileanna idirphearsanta den scoth
- Eolas agus scileanna ceannaireachta
- Sárscileanna caibidlíochta, bainistíochta agus inspreatha foirne, agus cumas cruthaithe chun athrú a threorú agus a bhainistiú
- Eitic láidir oibre
- Scileanna bainistíochta agus seachadta tionscadal (beidh bainistiú buiséid inmhianaithe, leis)
- Raon taithí múinteoireachta, eolas maith ar na curaclaim náisiúnta, oibriú na scoileanna agus an reachtaíocht lena mbaineann (Alt 24 den Acht Oideachais 1998 san áireamh)
- Eolas ar na hábhair thaighde oideachais reatha agus ar na hábhair atá ag teacht chun cinn;
- Eolas agus taithí ar oideachas éifeachtach múinteoirí, ceannaireacht scoile, SSE agus straitéisí feabhsaithe scoile
- Taithí ar fhorbairt ghairmiúil múinteoirí a dhearadh, a fhorbairt agus a sholáthar lena n-áirítear fianaise ar an gcumas machnamh múinteoirí, fiosrú agus taighde sa scoil féin a chothú agus a thacú
- An cumas obair daoine eile a eagrú agus a chomhordú go réamhghníomhach
- Tuiscint ar ról na dteicneolaíochtaí digiteachta sa mhúinteoireacht, san fhoghlaim agus sa mheasúnú
- Buntáiste a bheidh ann don phost seo taithí a bheith ag an iarratasóir ar mhúineadh trí Ghaeilge, líofacht sa teanga agus toilteanas oibriú trí Ghaeilge.

Gné ríthábhachtach den ról is ea an tsolúbthacht chun freastal ar riachtanais na heagraíochta, agus dá bhrí sin beidh sé riachtanach go mbeifear toilteanach taisteal agus/nó obair thráthnóna a dhéanamh de réir mar a bheidh réasúnta agus riachtanach chun na dualgais a chomhlíonadh mar is ceart faoi réir na dteorainneacha arna leagan síos ag an Acht um Eagrú Ama Oibre, 1997.

5. Láthair

- Déanfar na hiarrthóirí a n-éiríonn leo a thabhairt ar iasacht d'Ionad Oideachais Bhaile Átha Cliath Thiar agus tuairisceoidh siad d'fhoireann bhainistíochta an PDST
- Ní éileofar go mbeidh an Ceannaire Foirne bunaithe in Ionad Oideachais Bhaile Átha Cliath Thiar. Mar sin féin, beidh air/uirthi taisteal chuige agus chuige áiteanna eile de réir mar is gá



- Beidh sé riachtanach go mbeadh a modh taistil féin ag an iarrthóir a n-éiríonn leis/léi chomh maith le ceadúnas iomlán tiomána a shealbhú agus a choinneáil
- Beidh feidhm ag rátaí taistil agus cothabhála na seirbhíse poiblí agus déanfar iad a ríomh ó d'Ionad Oideachais áitiúil ainmnithe, nó ó do bhaile, de réir mar is cuí

6. Incháilitheacht

- Is ceadmhach do gach múinteoir cáilithe a bhfuil post aitheanta i scoil aitheanta aige nó aici cur isteach ar an bpost seo
- Beidh poist ar iasacht i gcomhréir le téarmaí Chiorclán RO maidir le hiasacht – 0029/2018 faoi láthair
- Déanfar na hiarrthóirí a n-éireoidh leo a cheapadh ar bhonn iasachta ar feadh scoilbhliain amháin, faoi réir tréimse phromhaidh trí mhí a chríochnú go sásúil
- Tá an iasacht faoi réir athbhreithniú agus athnuachan bliantúil agus faoi réir ceadú bliantúil ó údarás/Bhord Bainistíochta na scoile agus ó RO

Ceadú ón Roinn Oideachais

- Tá gach ceapachán faoi réir cheadú RO
- Ní dhéanfar aon tairiscint chinntitheach ar phost sula dtabharfar ceadú

Conradh

- Beidh ar gach iarrthóir a n-éiríonn leis/léi conradh iasachta a shíniú, ar conradh é ina ndéanfar foráil do phróiseas leanúnach feidhmíochta agus forbartha

Eile

- Déanfar gach ceapachán ar an gcoinníoll go gcuirfidh an t-iarrthóir a n-éireoidh leis/léi fianaise ar Imréiteach an Gharda Síochána agus fianaise ar thuairisc shásúil faoi shaoire bhreiteachta ar fáil d'Ionad Oideachais Bhaile Átha Cliath Thiar
- Tá gach ceapachán faoi réir teistiméireachtaí sásúla a chur ar fáil, lena n-áirítear teistiméireacht ó fhostóir
- reatha an iarratasóra
- Coimeádann Ionad Oideachais Bhaile Átha Cliath Thiar, i gcomhairle leis an Roinn Oideachais, an ceart chuige féin an post a fhógairt arís más rud é go measann sé nach bhfuil dóthain iarratasóirí incháilithe ann. Cuirfear é sin in iúl d'iarratasóirí incháilithe agus beidh sé de rogha acu a n-iarratas a choinneáil ar chomhad
- Beidh an t-iarrthóir a n-éireoidh leis/léi ag obair go heisiach d'Ionad Oideachais Bhaile Átha Cliath Thiar agus ní fhéadfaidh sé/sí aon fhostaíocht eile a bheith aige/aici ar feadh thréimhse an chonartha gan an cead cuí a fháil

7. Tuarastal

Tá an tuarastal i gcomhair Ceannaire Foirne ar iasacht i gcomhréir le Catagóir 3 amhail dá bhforáiltear i nDámhachtain Eadrána 2003 maidir le múinteoirí ar iasacht faoi réir na gcoinníollacha bhfuil breac-chuntas orthu thíos.

Tá an luach saothair faoi réir pholasaithe agus rialacháin ábhartha RO nó na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe gach uile thráth. Beidh feidhm ag Ciorcláin Reatha Phá na Roinne Oideachais – is é Ciorclán 0056/2021 an ciorclán reatha.



Tá Ceannaire Foirne (a tháinig isteach sa mhúinteoireacht roimh 2011) i dteideal na nithe seo a leanas:

- A p(h)ointe ábhartha ar Bhunsála Comónta na Múinteoirí, **móide**
- Liúntas um bunchéim onóracha
- Liúntas um Ard-Teastas Oideachais onóracha
- An liúntas iasachta caighdeánach Catagóir 3, atá inphinsin (féach an tábla thíos)

Catagóir Ar Iasacht	Post	Bunsála Comónta na Múinteoirí	Liúntas um Chéim Onóracha	Liúntas um ATO Onóracha	Liúntas Iasachta Caighdeánach
3	Ceannaire Foirne	Mar a bhaineann le hábhar	€5,229 pa	€1,314 pa	€13,976 pa

Tá Ceannaire Foirne (a tháinig isteach sa mhúinteoireacht i ndiaidh 1 Eanáir 2011 agus roimh 1 Feabhra 2012) i dteideal na nithe seo a leanas:

- A p(h)ointe ábhartha ar Bhunsála Comónta na Múinteoirí, móide
- Liúntas um Ard-Teastas Oideachais onóracha má tá a leithéid de liúntas ag an múinteoir cheana Féin
- An liúntas iasachta caighdeánach Catagóir 3, atá inphinsin (féach an tábla thíos)

Catagóir ar Iasacht	Post	Bunsála Comónta na Múinteoirí	Liúntas do ATO Onóracha	Liúntas Iasachta Caighdeánach
3	Ceannaire Foirne	Mar a bhaineann le hábhar	€1,314 pa	€13,976 pa

Tá Ceannaire Foirne (a tháinig isteach sa mhúinteoireacht i ndiaidh 1 Feabhra 2012) i dteideal na nithe seo a leanas:

- A p(h)ointe ábhartha ar Bhunsála Comónta na Múinteoirí, móide
- An liúntas iasachta caighdeánach Catagóir 3, atá inphinsin (féach tábla thíos)

Catagóir ar Iasacht	Post	Bunsála Comónta na Múinteoirí	Liúntas Iasachta Caighdeánach
3	Ceannaire Foirne	Mar a bhaineann le hábhar	€13,976 pa

Ní íocfar na liúntais bhreise go léir do cháilíochtaí agus do phoist freagrachta le foireann ar iasacht atá ag fáil na liúntas iasachta thuasluaite.

Tá an liúntas iasachta iníoctha fad agus atáthar ar iasacht agus ní choinneofar é in aon cháil níos faide ná an tréimhse iasachta.



8. Gnás Roghnúcháin

- Ba cheart foirmeacha iarratais a chur isteach mar cheangaltán ríomhphoist chuig recruitment@pdst.ie faoin **Déardaoin 23 Meitheamh ar 5i.i.n.**
- Déanfar an roghnúchán trí agallamh iomaíoch
- Ní chuirfear iarratais dhéanacha san áireamh
- Bunófar coiste roghnúcháin chun gach gné den phróiseas roghnúcháin a chur i gcrích
- Féadfar gearrliosta a dhéanamh
- Tá sé de fhreagracht ar iarrthóirí iad féin a chur ar fáil d'agallamh ar an dáta atá ceaptha, má thugtar cuireadh dóibh a bheith i láthair. Ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt faoi deara go mb'fhéidir nach mbeifear in ann dáta eile a thabhairt
- Iarrfar orthu siúd a ghlaofar chuig agallamh cur i láthair 5 nóiméad a dhéanamh chuig an bpainéal agallamh ag díriú ar fhís an iarrthóra don phost agus an méid a d'fhéadfadh sé/sí a dhéanamh chun leasa na forbartha gairmiúla do mhúinteoirí laistigh den PDST
- Beidh an t-agallamh seo bunaithe ar inniúlacht ag teacht leis na scileanna a dtugtar breac-chuntas orthu i gCuid 3 den sainchuntas poist thuas
- Féadfar painéal a bhunú ónar féidir folúntais amach anseo a líonadh
- Dícháileofar iarratais má dhéantar stocaireacht go díreach nó go neamhdhíreach
- Beidh na hiarrthóirí freagrach as na costais go léir a tabhaíodh maidir lena n-iarratas agus leis an agallamh

9. Scaoileadh ón bPost Reatha

- Is faoi iarrthóirí a n-éiríonn leo a bheidh sé comhaontú a fháil óna n-údaráis scoile lena scaoileadh chun post a ghlacadh don tréimhse atá i gceist
- Beifear ag súil go mbeidh na hiarrthóirí a n-éiríonn leo ar fáil don cheapachán a luaithe agus is féidir. Beidh sé riachtanach deimhniú scaoilte a fháil ó d'fhostóir. Nuair a fhaightear tairiscint iarrfar ar an iarrthóir a n-éiríonn leis/léi deimhniú a lorg láithreach óna f(h)ostóir go mbeidh an fostóir toilteanach an t-iarrthóir ar éirigh leis/léi a scaoileadh de réir na foirme iarratais atá ceangailte le ciorclán iasachta 0029/2018 lena n-éilítear go síneadh Príomhoide na Scoile agus Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta/an Príomhfheidhmeanach (BOO amháin) cuid 3 den fhoirm iarratais

10. Ceisteanna

Ba cheart aon cheisteanna maidir leis an doiciméad seo a sheoladh ar ríomhphost chuig recruitment@pdst.ie